

**GLAO AR LÉIRIÚ SPÉISE
DO GHNÍOMHAIRÍ AR CONRADH**

SÍCEOLAITHE OIDEACHAIS (F/B)

Grúpa Feidhme IV

EPSO/CAST/S/6/2013

I. RÉAMHRÁ

Ar iarraidh an Choimisiúin Eorpaigh, tá an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) ag seoladh nós imeachta roghnaithe chun bunachar sonraí a chur ar bun de na hiarrthóirí ar éirigh leo i gcomórtais earcaíochta ar féidir gníomhairí ar conradh a earcú as a measc chun cúraimí síceolaithe oideachais (H/F) a dhéanamh.

Tá an Coimisiún Eorpach ag earcú gníomhairí ar conradh chun go mbeidh inniúlachtaí i réimsí sonracha ar fáil aige. Tá sainmhíniú ar na coinníollacha earcaíochta i gceannteideal IX den ghlaó seo ar léiriú spéise.

Tá na coinníollacha oibre sna hinstiúidí Eorpacha á rialú ag Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh¹. Tá na coinníollacha sin go léir le fáil ag an seoladh seo a leanas: [http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=CONSLEG:1962R0031:20100101:EN:PDF\(titre Cuid IV, lch 170\)](http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=CONSLEG:1962R0031:20100101:EN:PDF(titre Cuid IV, lch 170)).

Is é an Coimisiún Eorpach agus go háirithe an Oifig um Bonneagar agus Lóistíocht a úsáidfídh an bunachar sonraí d'iarrthóirí ar éirigh leo. **Tá bunús na bpost sa Bhruiséil, ach beidh poist in Ispra agus i Lucsamburg freisin.**

Agus tosca amhail na conarthaí a bheith sealadach agus ráta athraithe na foirne á gcur san áireamh, meastar gur cuí painéal 12 shíceolaí oideachais a thiomsú chun riar ar na riachtanais foirne thar an tréimhse trí bliana idir 2013 agus 2015.

¹ Tá na rialacha sonracha is infheidhme maidir leis an gCoimisiún Eorpach ar fáil ar shuíomh gréasáin EPSO.

II. DUALGAIS²

GF IV - SÍCEOLAITHE OIDEACHAIS (F/B)

Beidh sé de dhualgas ar an ngníomhaire ar conradh, faoi mhaoirseacht oifigigh nó gníomhaire shealadaigh, ról oideachasúil Ionad na Naíonachta a fhorbairt trína áirithiú go mbeidh ráiteas misin oideachais ann agus go gcuirfear i bhfeidhm é agus go mbeidh ardscileanna caidrimh ag an bhfoireann oideachais (banaltraí naíolainne, foireann agus/nó múinteoirí náiscoile) agus trí ghairmiúlacht an ionaid a láidriú. Seo thíos samplaí de na cúraimí a d'fhéadfadh a bheith le déanamh:

- Gníomhú mar shaineolaí ar an tsíceolaíocht oideachais sa naíolann agus/nó san ionad iarscoile agus páirt a ghlacadh in ullmhú comhad áirithe a bhaineann leis an bhfeidhm sin.
- Dlúthmhonatóireacht a dhéanamh ar obair na mbanaltraí naíolainne, na foirne agus/nó na múinteoirí náiscoile, chun cuidiú leo a gcuid oibre oideachasúla a dhéanamh.
- Cuidiú a thabhairt oiliúint leanúnach i leith ceisteanna oideachais a chur ar fáil chun gairmiúlacht na foirne oideachais a láidriú.
- Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt ghinearálta na leanaí, féachaint chuige go mbeidh na cúinsí is fearr ar bun is féidir a bheith ann maidir le leas na leanaí sa naíolann nó san ionad.
- Na tuismitheoirí a chur ar an eolas, le linn cruinnithe a reáchtálfar chuige sin, faoi ghníomhaíochtaí a gcuid leanaí chun caidreamh muiníne agus comhpháirtíochta a chothú leo.
- Bheith i dteagmháil go seasta, ar bhonn grúpa nó ar bhonn aonair, leis na banaltraí naíolainne, leis an bhfoireann agus leis na múinteoirí náiscoile.
- Athruithe ar ghnéithe éagsúla den eagraíocht ghinearálta a cheapadh agus a mholadh, lena n-áirítear ábhar a roghnú agus a fháil, chun dea-thionchar a imirt ar cháilíocht beatha na leanaí agus ar an tseirbhís a chuirtear ar fáil do na tuismitheoirí.
- Féachaint chuige go gcuirfear chun feidhme mar is ceart an ráiteas misin oideachais.
- Páirt a ghlacadh, más gá, i mbearta comhordaithe idir naíolanna agus ionaid iarscoile.

III. CLÁR AMA TÁSCACH AN NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN

Is é seo a leanas **meastachán** ar chlár ama an nós imeachta roghnúcháin:

Céim	Dáta
Scrúdú na Cvanna	Aibreán 2013

²An phróifíl a bhfuil cur síos uirthi sa Ghlaio seo, is leagan simplithe í den phróifíl chineálach a úsáidfeadh agus conarthaí á ndrúchtú. Tá an leagan simplithe seo curtha ar fáil chun críocha faisnéise agus níl sé ceangailteach ó thaobh dlí

Triail iniúilachtaí	Meitheamh 2013
Tarchur torthaí na dtrialacha chuig na hiarrthóirí	Iúil 2013

IV. INCHÁILITHEACHT

Ar an dáta deiridh atá leagtha síos don chlárúchán ar líne, ní mór duit na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

A. Coinníollacha ginearálta

- (a) Bheith i do shaoránach de Bhallstát den Aontas Eorpach.
- (b) Do chearta go léir mar shaoránach a theachtadh.
- (c) Aon oibleagáid dlí atá ort i dtaca le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta agat.
- (d) Na riachtanais charachtair a chomhlíonadh a theastaíonn chun na dualgais i gceist a dhéanamh.

B. Íoschoinníollacha sonracha - Oideachas/taithí

Síceolaithe Oideachais (F/B), Grúpa Feidhme IV:

- Cúrsa iomlán ollscoile trí bliana ar a laghad i réimse na síceolaíochta nó an oideachais agus céim bainte amach ag a dheireadh

NÓ

- i gcás ina dtugtar rochtain i mBallstát den AE ar ghairm bheatha ar leibhéal Ghrúpa Feidhme IV trí scrúdú Stáit, oiliúint ghairmiúil nó aon nós imeachta den chineál céanna (a bhaineann leis na dualgais i gceist), is féidir glacadh leis gurb ionann sin agus céim ollscoile.

AGUS

- Aon bhliain ar a laghad de thaithí oibre mar shíceolaí oideachais

C. Eolas ar theangacha

(a) Teanga 1 agus **An phríomhtheanga:** sáreolas ar theanga oifigiúil amháin de chuid an Aontais Eorpaigh⁶.

⁶Is iad seo a leanas teangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh: an Bhulgáiris (BG), an tSeicis (CS), an Danmhairgis (DE), an Ghearmáinis (DA), an Ghréigis (EL), an Béarla (EN), an Spáinnis (ES), an Eastóinis (ET), an Fhionlainnis (FI), an Fhraincis (FR), an Ghaeilge (GA), an Ungáiris (HU), an Iodáilis (IT), an Liotuáinis (LT), an Laitvis (LV), an Mháltais (MT), an

(b) Teanga 2

eolas sásúil ar an nGearmáinis, ar an mBéarla nó ar an bhFraincis (nach ionann í agus teanga 1 thuasluaite).

I gcomhréir leis an mbreithiúnas a thug cúirt an AE (an Mór-Dhlísheomra) uaithi i gCás C-566/10 P, Poblacht na hIodáile v an Coimisiún, tá sé de cheanglas ar institiúidí an AE a shonrú cé hiad na fáthanna a bhfuil rogha an dara teanga teoranta acu do líon srianta de theangacha oifigiúla de chuid an AE agus an roghnú seo á dhéanamh.

Dá bhrí sin, cuirtear in iúl do na hiarrthóirí gur roghnaíodh dara teangacha an chomórtais seo de réir leas na seirbhíse, leas a éilíonn go mbeidh na hearcaigh nua in ann dul i mbun oibre láithreach agus go mbeidh sé ar a gcumas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le linn a n-oibre laethúla. Ina éagmais sin, bheadh baol ann go gcuirfí bac mór le hobair na n-institiúidí.

Ar bhonn an chleachtais sheanbhunaithe atá ag institiúidí an Aontais maidir leis na teangacha cumarsáide inmheánacha, agus riachtanais na seirbhísí maidir le cumarsáid sheachtrach agus próiseáil comhad á gcur san áireamh, is iad an Béarla, an Fhraincis agus an Ghearmáinis na teangacha is mó a úsáidtear. Ina theannta sin, is iad an Béarla, an Fhraincis agus an Ghearmáinis na dara teangacha is mó i bhfad amach a roghnaíonn na hiarrthóirí sna comórtais, nuair is fúthu a bhíonn roghnú an dara teanga. Is léiriú é sin ar an leibhéal oideachais agus ar na hinniúlachtaí gairme ar féidir bheith ag súil leo ó na hiarrthóirí ar na poist laistigh d'institiúidí an Aontais, mar atá, sáreolas ar cheann de na teangacha sin ar a laghad. Dá bhrí sin, agus leas na seirbhíse agus riachtanais agus inniúlachtaí na n-iarrthóirí á gcur sa mheá, agus sainréimse an chomórtais seo á chur san áireamh, tá ábhar maith ann trialacha a eagrú sna trí theanga sin chun a chinntiú go mbeidh sáreolas ag na hiarrthóirí uile, is cuma cén phríomhtheanga atá acu, ar cheann de na trí theanga oifigiúla sin ar leibhéal teanga oibre. Ina theannta sin, chun go mbeidh cothrom iomaíochta ann, ní mór do gach iarrthóir, fiú má tá ceann de na trí theanga sin ina phríomhtheanga oifigiúil aige, an triail sin a dhéanamh sa dara teanga, teanga a bheidh le roghnú as na trí theanga sin. Mar sin, tugann an measúnú ar na hinniúlachtaí sonracha deis d'institiúidí an Aontais a mheas cé chomh hábailta is atá na hiarrthóirí dul i mbun oibre láithreach i dtimpeallacht atá cosúil leis an timpeallacht ina n-iarrfar orthu bheith ag obair. Tá na bearta seo gan dochar d'fhoghlaim tríú teanga ina dhiaidh sin i gcomhréir le hAirteagal 45, mír 2 de na Rialacháin Foirne.

Ní féidir do rogha teangacha a athrú i ndiaidh duit d'fhoirm chlárúcháin ar líne a bhailíochtú.

Ollainnis (NL), an Pholainnis (PL), an Phortaingéilis (PT), an Rómáinis (RO), an tSlóvaicis (SK), an tSlóivéinis (SL) nó an tSualainnis (SV).

V. CONAS CLÁRÚ AGUS AN SPRIOCAM CLÁRÚCHÁIN

Ní mór duit iarratas a chur isteach ar líne tríd an nasc atá ar fáil ar shuíomh gréasáin EPSO (http://europa.eu/epso/apply/jobs/index_en.htm). Lean na treoracha ar an suíomh gréasáin, go háirithe na treoracha sa treoirleabhar maidir le clárúchán.

Is fút féin amháin atá sé an t-iarratas ar líne a líonadh isteach roimh an spriocam. Ba cheart an fhoirm iarratais a líonadh isteach sa Bhéarla, sa Fhraincis nó sa Ghearmáinis. Nuair a bheidh d'iarratas bailíochtaithe agat, ní fhéadfaidh tú aon athruithe breise a dhéanamh air.

**AN SPRIOCAM CLÁRÚCHÁIN (bailíochtú san áireamh):
12.3.13 ag 12 a chlog (meán lae), am na Bruiséile.**

VI. NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN

Tá dhá chéim sa nós imeachta roghnúcháin:

Céim A:	Roghnú ar bhonn cáilíochtaí – scrúdú na CVanna – chun na hiarrthóirí a roghnú a dtabharfar cuireadh dóibh an triail inniúlachtaí a dhéanamh
Céim B:	Triail inniúlachtaí

ROGHNÚ AR BHONN CÁILÍOCHTAÍ – SCRÚDÚ NA CVanna

Roghnófar na hiarrthóirí ar bhonn cáilíochtaí, go háirithe ar bhonn a gcéimeanna agus a dtaithí oibre, de réir na gcritéar atá leagtha amach ar an tábla thíos. Is do na hiarrthóirí is fearr a oireann a n-oideachas ollscoile agus a dtaithí oibre do na dualgais a thabharfar cuireadh teacht chun na trialach inniúlachtaí (is ionann líon na n-iarrthóirí a dtabharfar cuireadh dóibh agus tuairim is trí oiread líon na n-iarrthóirí a bheidh sa bhunachar sonraí). Tabhair do d'aire, nach gá do na hiarrthóirí gach critéar a chomhlíonadh a chuirtear i bhfeidhm ar scrúdú na CVanna.

Ceapfar bord roghnúcháin ar a mbeidh ionadaithe de chuid an Choimisiún Eorpaigh chun tacú le EPSO ag an gcéim seo den nós imeachta roghnúcháin agus beidh sé de dhualgas ar an mbord sin go háirithe comhlíonadh na gcoinníollacha incháilitheachta a sheiceáil agus an roghnú ar bhonn cáilíochtaí a dhéanamh (scrúdú na CVanna).

Critéir maidir le scrúdú na CVanna:

1.	Taithí oibre i réimse <u>na síceolaíochta oideachais a mhair níos faide ná an íostréimhse taithí a éilítear i bpointe IV, B.</u>
2.	Taithí oibre (seachas an taithí atá luaite i bpointe 1 thuas) i réimse na monatóireachta ar obair oideachais banaltraí naíolainne agus/nó na foirne náischoile agus/nó múinteoirí náischoile.

3.	Taithí oibre (seachas an taithí atá luaite i bpointe 1 agus i bpointe 2) bliana amháin ar a laghad a bhaineann le leanaí (amhail obair i naíolann, i dtimpeallacht scoile nó iarscoile, i gcampaí samhraidh).
4.	Céim eile a bhaineann le síceolaíocht an oideachais, leis an oideachas, leis an tsíceolaíocht nó oiliúint bhreise a bhaineann leis na réimsí sin.
5.	Ar mhaithe leis an tseirbhís agus de réir na háite oibre (an Bhruiséil, Lucsamburg nó Ispra), tá eolas sásúil (leibhéal B2 ³) ar an bhFraincis nó ar an Iodáilis riachtanach, fiú má tá ceann den dá theanga sin ina teanga 1 nó ina teanga 2 agat.
6.	Taithí oibre (nó oiliúint) sé mhí leanúnacha thar lear (i dtír nach í do thír thionscnaimh í).
7.	Taithí oibre nó oiliúint ar ráiteas misin a dhréachtú a bhaineann le hoideachas nó le fáilte roimh ghrúpa.
8.	Taithí oibre mar oide, nó oiliúint, ar chúrsaí oiliúna oideachais a cheapadh
9.	Taithí oibre le leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu.

Déanfar an chéim seo den roghnú ar bhonn na faisnéise arna soláthar ag an iarrthóir sa chluaisín 'scagthóir buanna' (DE: *Talentfilter*, EN: *talent screener*, FR: *évaluateur de talent*) san iarratas, agus **ar an mbonn sin amháin**. Tá dhá chuid sa chéim seo:

- An chéad chuid: déanfar an chéad roghnú ar bhonn cáilíochtaí ar bhonn na bhfreagraí (dearfach/diúltach) a thiceáil an t-iarrthóir agus ar bhonn an ualaithe atá ag gabháil le gach ceist ar scála 1 go dtí 3 de réir na tábhachta a thugtar don chritéir i gceist. Is iad na hiarrthóirí a ghnóthaigh na pointí is airde a ligfear isteach sa dara cuid den nós imeachta roghnúcháin (beidh líon na n-iarrthóirí a ligfear isteach ar an dara cuid cothrom le tuairim is naoi n-oiread líon na n-iarrthóirí a bheidh ar an bpainéal).
- An dara cuid: Scrúdóidh an bord roghnúcháin freagraí na n-iarrthóirí agus tabharfaidh siad marc ó 0 go dtí 4 do gach freagra. Ansin déanfar na marcanna sin a iolrú faoi ualú gach critéir i gceist.

Tabharfar cuireadh do na hiarrthóirí a ghnóthóidh na marcanna is airde chuig an triail inniúlachtaí (beidh líon na n-iarrthóirí a ligfear isteach ar an triail inniúlachtaí cothrom le tuairim is trí oiread líon na n-iarrthóirí a bheidh i mbunachar sonraí na n-iarrthóirí ar éirí leo).

Is ag an gcéim seo freisin a scrúdófar na dearbhuithe sna hiarratais i dtaca leis na coinníollacha iontrála (pointe IV). Má fhionntar nach gcomhlíonann na hiarrthóirí na coinníollacha, eisiafar iad ón nós imeachta roghnúcháin.

N.B. Má thugtar cuireadh chun agallaimh duit, ní mór duit na doiciméid tacaíochta ábhartha a sholáthar chun na dearbhuithe a rinne tú i d'fhoirm chláráithe a chruthú. Má fhionntar gur bréagach an t-eolas a thug tú nó mura féidir leat na doiciméid tacaíochta a iarrfar a sholáthar, dícháileofar thú (agus bainfear d'ainm as an mbunachar sonraí).

³Féach an creat tagartha ar shuíomh gréasáin Europass. Is féidir teacht air ag an nasc seo a leanas:

TRIAIL INNIÚLACHTAÍ

Beidh ar na hiarrthóirí triail inniúlachtaí a dhéanamh chun a saineolas maidir leis an bpróifíl a roghnaíodh a mheas.

Formáid na Trialach	Am a cheadaíte ar don triail	Teanga na trialach	Uasmharc	Pasmharc
Triail Ilroghnach ar páipéar	50 nóiméad	Teanga 2	25	16 phointe

Beidh na trialacha ar siúl sa Bhruiséil. Íocann EPSO cuid de chostas an turais, i gcomhréir leis na coinníollacha i leith aisíoca costais is infheidhme. Tá na coinníollacha sin ar fáil ar an leathanach gréasáin seo:

http://europa.eu/epso/apply/on_going_compet/reimburse/index_en.htm.

VII. TORTHAÍ NA TRIALACH

Foilseofar torthaí scrúdú na CVanna agus na trialach inniúlachtaí i gcuntais EPSO na n-iarrthóirí.

VIII. AINMNEACHA A CHUR SA BHUNACHAR SONRAÍ

Iontrálfar ainmneacha na n-iarrthóirí a gheobhaidh an pasmharc sa triail inniúlachtaí sa bhunachar sonraí agus ní bheidh rochtain ag na bpobal orthu in aon fhoirm eile. Tabharfar rochtain ar an mbunachar sonraí don Choimisiún Eorpach, agus féadfaidh institiúidí agus gníomhaireachtaí Eorpacha eile atá ag cuardach an chineáil seo próifíle rochtain a fháil air freisin. Beidh an bunachar sonraí bailí go ceann trí bliana ón dáta a thabharfar fógra do na hiarrthóirí maidir lena dtorthaí. **Féadfar tréimhse bhailíochta an bhunachair shonraí a shíneadh más gá.**

IX. DAOINE A ROGHNÚ IS FÉIDIR A EARCÓFAR

Ní hionann bheith sa bhunachar sonraí agus gealltanais go bhfaighidh tú tairiscint poist. De réir mar a thiocfaidh folúntais chun cinn, cuardóidh na seirbhísí earcaíochta an bunachar sonraí agus tabharfaidh siad cuireadh chun agallaimh do na hiarrthóirí is fearr a oireann do riachtanais an phoist i gceist. Déanfar triail ar Theanga 1 le linn an agallaimh. Is féidir go bhfaighidh tú tairiscint poist má d'éirigh go maith leat san agallamh. Conradh CA 3A⁷ a bheidh i gceist más Oifig de chuid an Choimisiúin Eorpaigh an fostóir, mar atá léirithe sa tábla seo a leanas:

⁷I gcomhréir le hAirteagal 3b de na Rialacha is infheidhme maidir le gníomhairí eile an Aontais Eorpaigh agus na rialacha arna sainmhíniú ag na Rialacha is infheidhme maidir le gníomhairí eile an Aontais Eorpaigh agus coinníollacha ginearálta cur chun feidhme na hInstitiúide, na Gníomhaireachta nó na hOifige.

Coimisiún [an Oifig um Bonneagar agus Lóistíocht sa Bhruiséil (OIB), in Ispra (OIB) agus i Lucsamburg (OIL)	Conradh CA 3A – ar féidir conradh tréimhse neamhchinnití a theacht as ⁴ .
---	--

X. NÓSANNA IMEACHTA ATHBHREITHNITHE/ACHOMHAIRC

Má mheasann tú ag aon chéim den nós imeachta roghnúcháin seo go ndearnadh meancóg nó gur ghníomhaigh EPSO go héagothrom nó nár chomhlíon sé na rialacha a bhfuil an nós imeachta roghnúcháin faoina réir, agus go ndearnadh dochar do do leas mar gheall air sin, is féidir na nósanna imeachta seo a leanas a leanúint san ord ina bhfuil siad sa tábla thíos:

Nós imeachta	Pointe Teagmhála	Teorainn Ama ⁵
1. Athbhreithniú a iarraidh	Tríd an leathanach teagmhála ar shuíomh gréasáin EPSO	10 lá féilire
2. Gearán riarthach a chur isteach faoi Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh ⁶	Tríd an bpost chuig: Office européen de sélection du personnel (EPSO) C-25, 1049 Bruxelles, BELGIQUE, nó tríd an leathanach teagmhála ar shuíomh gréasáin EPSO	3 mhí
I ndiaidh duit céim 2 thuas a chríochnú (tá céim 1 rognach) is féidir leat:		
3. Má dhiúltaítear do ghearán os ard nó le tost, achomharc breithiúnach a chur isteach faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus trí Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne ⁷	Tribunal de la fonction publique de l'Union européenne Boulevard Konrad Adenauer 2925 LUXEMBOURG	3 mhí

⁴I gcomhréir le hAirteagal 85(3) de na Rialacha is infheidhme maidir le gníomhairí eile an Aontais Eorpaigh, chun conradh tréimhse neamhchinnititheach do ghníomhaire ar conradh den Ghrúpa Feidhme IV a fháil, i ndiaidh dhá chonradh tosaigh tréimhse cinnití a chur isteach (dhá bhliain agus aon bhliain faoi seach), ní mór duit a léiriú go bhfuil sé ar do chumas obair i dtríú teanga oifigiúil de chuid an AE.

⁵Ó dháta foilsithe an chinnidh i gcuntas EPSO an iarrthóra.

⁶Cuir an méid seo a leanas isteach i líne ábhair do litreach: EPSO/CAST/S/6/2013, d'uimhir iarratais agus 'Gearán faoi Airteagal 90(2)'.

⁷ Maidir le sonraí faoin dóigh le hachomharc a chur isteach agus na teorainneacha ama a ríomh, féach suíomh gréasáin Bhinse um Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh: http://curia.europa.eu/jcms/jcms/Jo1_5230/.

Amhail saoránaigh uile an Aontais Eorpaigh, is féidir leat gearán a chur chuig an Ombudsman Eorpach:

European Ombudsman
1 avenue du Président Robert Schuman -
CS 30403
67001 Strasbourg Cedex
FRANCE⁸

XI. CUMARSÁID

Rachaidh EPSO i dteagmháil leat trí do chuntas EPSO. Is fút féin atá sé féachaint ar do chuntas EPSO go tráthrialta — dhá uair sa tseachtain ar a laghad — chun dul chun cinn an nós imeachta a leanúint agus chun an fhaisnéis a bhaineann le d'iarratas a sheiceáil. Mura féidir leat sin a dhéanamh de dheasca faidhbe teicniúla ar thaobh EPSO, ní mór duit EPSO a chur ar an eolas láithreach.

Chun aon chomhfhreagras a dhéanamh le EPSO, iarraidimid ort an fhoirm theagmhála a úsáid atá ar shuíomh gréasáin EPSO ag: <http://blogs.ec.europa.eu/eu-careers.info/cast/>.

Chun a áirithiú go dtuigfidh gach duine na téacsanna ginearálta agus an chumarsáid uile idir tú agus EPSO i gceart ní úsáidfear ach an Béarla, an Fhraincis agus an Ghearmáinis sna cuirí chun na trialach agus sa comhfhreagrais idir tú agus EPSO.

XII. FORAS DÍCHÁILITHE A BHAINNEAN LEIS AN bPRÓISEAS CHLÁRÚCHÁIN

Déantar gach iarracht féachaint chuige go n-urramaítear prionsabal an chaithimh chomhionann. Dá bharr sin, má fhionntar ag aon chéim den nós imeachta gur chruthaigh tú níos mó na cuntas EPSO amháin, gur chuir tú níos mó ná iarratas amháin isteach nó go ndearna tú aon dearbhuithe bréagacha, dícháileofar thú ón nós imeachta roghnúcháin.

Is féidir go ngearrfar pionós ort má dhéanann tú calaois nó iarracht ar chalaois. Ba mhaith linn a chur in iúl nach mór d'aon duine a earcóidh na hinstitiúidí a léiriú go bhfuil sé sár-ionraic iontaofa.

XIII. SOCRUITHE SPEISIALTA AR LEITH D'IARRTHÓIRÍ ATÁ FAOI MHÍCHUMAS

(a) Míchumas atá ann tráth an t-iarratas a dhéanamh

1.	Má tá tú faoi mhíchumas nó má tá bail ort a d'fhéadfadh bac a chur ort agus na
----	--

⁸ Tabhair do d'aire nach bhfuil aon éifeacht fionraí ag gearáin a chuirtear chuig an Ombudsman ar an tréimhse atá leagtha síos in Airteagal 90(2) agus in Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne maidir le gearáin nó achomhairc a chur isteach chuig Binse um Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Tabhair do d'aire freisin nach mór, faoi Airteagal 2(4) de na coinníollacha ginearálta a bhfuil comhlíonadh dhualgais an Ombudsman faoina réir, dul i dteagmháil ar na dóigheanna cuí leis na hinstitiúidí agus leis na comhaltaí lena mbaineann sula gcuirfidh tú aon ghearán chuig an Ombudsman. Tá sonraí iomlána an nós imeachta ar fáil ar shuíomh gréasáin an Ombudsman ag: <http://www.ombudsman.europa.eu/media/en/default.htm>.

	trialacha á ndéanamh agat, cuir tic sa bhosca a bhaineann leis sin ar an bhfoirm iarratais ar líne agus léirigh na socruithe a mheasann tú a bheith riachtanach chun déanamh trialach a éascú duit agus cuir isteach uimhir an nós imeachta roghnúcháin agus d'uimhir iarratais (tabhair do d'aire gan na huimhreacha sin a fhágáil ar lár).
2.	<p>A luaithe is féidir é i ndiaidh duit d'iarratas ar líne a bhailíochtú, cuir isteach teastas leighis nó dearbhú ó chomhlacht aitheanta (de réir mar is cuí) a dheimhníonn tú a bheith faoin míchumas sin. Scrúdófar na doiciméid tacaíochta ionas gur féidir socruithe ar leith a dhéanamh a oirfidh do gach cás chun go sásófar (a mhéad is féidir é) iarratais a mheasfar a bheith réasúnta.</p> <p>— trí ríomhphost chuig: EPSO-accessibility@ec.europa.eu, — nó trí fhacs chuig: +32 22998081, agus 'EPSO accessibility' mar sheoladh air, — nó tríd an bpost chuig: European Personnel Selection Office (EPSO) 'EPSO accessibility' C-25 1049 Bruxelles/Brussels BELGIQUE/BELGIË</p>

(b) Míchumas a thagann chun cinn i ndiaidh iarratas a dhéanamh

1.	Má thagann an míchumas thuasluaite chun cinn i ndiaidh spriocam na n-iarratas ar líne, ní mór duit EPSO a chur ar an eolas faoi a luaithe is féidir é. Luaigh i scríbhinn na socruithe a mheasann tú a bheith riachtanach, le do thoil.
2.	<p>Cuir na doiciméid ábhartha</p> <p>— trí ríomhphost chuig: EPSO-accessibility@ec.europa.eu, EPSO-accessibility@ec.europa.eu, — nó trí fhacs chuig: +32 22998081, agus 'EPSO accessibility' mar sheoladh air, — ní tríd an bpost chuig: Office européen de sélection du personnel (EPSO) 'EPSO accessibility' C-25 1049 Bruxelles/Brussels BELGIQUE/BELGIË</p>